ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Údarás Craolacháin na hÉireann
Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge

Eanáir 2019

Réamhrá

Tá ról Údaráis Craolacháin na hÉireann (*Broadcasting Authority of Ireland* sa Bhéarla nó 'BAI') fíorthábhachtach i leith cláir agus seirbhísí craolacháin Gaeilge in earnáil closamhairc na hÉireann a chur chun cinn agus a spreagadh. Leagtar síos an ról seo i misean, i bhfís, i luachanna agus i spriocanna an BAI atá ar fáil i Ráiteas Straitéise an Údaráis 2017-2019 ("Straitéis BAI"). Tugann an reachtaíocht seo a leanas feidhm don ról seo: an tAcht Craolacháin 2009, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Is sprioc an-tábhachtach de chuid an BAI a chinntiú go bhfreastalaíonn an líon agus na catagóirí seirbhísí craolacháin sa Stát ar an mbealach is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann; ag tabhairt aird ar na teangacha, traidisiúin agus éagsúlacht chreidmheach, eitneach agus chultúrtha atá ag na daoine sin. Tacaíonn Straitéis BAI le soláthar seirbhísí craolacháin in Éirinn atá oscailte agus iolraíoch.

Leagann **an tAcht Craolacháin 2009** síos na dualgais reachtúla atá ar an BAI i leith seirbhísí clár agus craolacháin. Díríonn na gníomhaíochtaí seo a leanas, a bhfuil treoir tugtha ina leith san Acht, ar chláir agus ar ábhar clár i nGaeilge:

Ceadúnú:

i. Ceadaíonn Alt 6 den Acht ceadúnú conarthaí fuaime trachtála agus pobail agus conarthaí soláthar lánais, mar aon le seirbhísí atá á gcraoladh trí Ghaeilge.

ii. Tá iachall ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí de chuid an BAI caighdeán, méid, réimse agus na cineálacha clár Gaeilge atá á moladh ag iarratasóir, a mheas mar chuid den phróiseas iarratais ar chonarthaí craolacháin fuaime. Ní mór don Choiste aird faoi leith a thabhairt ar ábhar clár i nGaeilge agus conradh craolacháin fuaime á cheadú acu i gceantar Gaeltachta.

Scéimeanna Maoinithe:

i. Scéim Fuaime agus Físe: De réir an Achta, ceadaítear cistí a bhronnadh faoin Scéim Fuaime agus Físe chun tacú le forbairt cláir atá ar ardchaighdeán; cláir a bheas bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann agus beidh cláir trí Ghaeilge i measc na gclár seo.

ii. Scéim Um Chartlannú: De réir an Achta, ceadaítear cistí a bhronnadh faoin Scéim Um Chartlannú chun cultúr cartlainne a spreagadh agus a chur chun cinn san earnáil craolacháin in Éirinn trí chéile, d'fhonn oidhreacht na hÉireann a chaomhnú.

Athbhreithniú ar Chraoltóirí Seirbhísí Poiblí:

I gcomhréir le hAlt 7 den Acht Craolacháin, déanann an BAI athbhreithniú ar ráitis bhliantúla RTÉ agus TG4 ar a dtiomantas feidhmíochta gach uile bhliain; na tiomantais feidhmíochta i leith na Gaeilge san áireamh. Measann an BAI feidhmíocht na gcraoltóirí bunaithe ar na tiomantais sin an bhliain dar gcionn.

Tá an BAI aitheanta mar chomhlacht poiblí de réir **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**, agus mar sin de tá dualgas air seirbhísí áirithe a sholáthar don phobal trí Ghaeilge. Ceann de na dualgais sin is ea Scéim don Ghaeilge ar bhonn trí bhliana a chur i bhfeidhm; scéim ina leagtar amach na seirbhísí a sholáthrófar trí Ghaeilge. Tá an BAI i mbliain a trí dá dhara Scéim Gaeilge (Scéim Teanga 2016-

2019) agus tá dul chun chinn suntasach déanta aige maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge ó tugadh isteach an chéad scéim in 2013. Tá an BAI tiomanta go láidir do sheirbhís Ghaeilge a sholáthar agus cuireann sé fáilte roimh mholtaí i leith a dtiomantais don Ghaeilge a fhorbairt agus a láidriú tuilleadh sna blianta amach romhainn.

Spriocanna Gaeilge an BAI

Sprioc an-tábhachtach i Straitéis BAI faoi théama cur chun cinn na hÉagsúlachta agus na hIolrachta is ea *'tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht sochaí na hÉireann é'.* Mar sin de, beidh *'na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh'* faoi dheireadh 2019.

Leagann Straitéis BAI síos réimse spriocanna chun cláir trí Ghaeilge atá ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá an Ghaeilge fite fuaite i ngnóthaí an BAI cheana. Tugann an BAI tacaíocht don Ghaeilge trí líon áirithe meicníochtaí. Mar chuid den tacaíocht seo, tá tograí clár agus cartlainne arna maoiniú ag an gCiste Craolacháin, comhpháirtíochtaí, ócáidí, gníomhaíochtaí forbartha agus foghlama na hearnála, taighde meáin agus tograí urraíochta san áireamh, iad curtha ar fáil chun an soláthar clár i nGaeilge a fhorbairt san earnáil chraolacháin trí chéile.

Tá an BAI ar an eolas maidir leis an **Próiseas Pleanála Teanga**, an **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030** agus an **Plean Gníomhaíochta 2018-2022**[1] a théann léi agus, mar sin de, tá sé mar sprioc ag an BAI úsáid na Gaeilge agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú ar bhonn náisiúnta. Tá sprioc straitéiseach ar leith atá ábhartha don BAI, is é sin, líon na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí Stáit trí Ghaeilge, agus atá in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí teilifíse/raidió agus ar mheáin chlóite trí Ghaeilge, a mhéadú.

Chun cuidiú le cur i bhfeidhm na sprice straitéisí i leith na hÉagsúlachta agus na hIolrachta agus trí aird a thabhairt ar an ngá atá le cláir Ghaeilge atá ar ardchaighdeán a fhorbairt san earnáil chlosamhairc in Éirinn, tabharfaidh Plean Gníomhaíochta an BAI aghaidh ar na cúig réimsí seo a leanas:

- Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge agus iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thograí Ceadúnaithe agus Cistí Craolacháin;
- Comhpháirtíochtaí Gaeilge a spreagadh;
- Tacú le Taighde;
- Sonraí a bhailiú;
- Próisis fhreagrachta a fheabhsú, monatóireacht agus tuairisciú um chomhlíonadh san áireamh.

Tugtar na spriocanna sonraithe atá pleanáilte ag an BAI i leith na gcúig réimse anseo thíos:

1. Tacú le cláir agus stáisiúin Ghaeilge agus iad a fhorbairt agus a chur chun cinn trí thograí Ceadúnaithe agus Cistí Craolacháin

Tabharfaidh an BAI tacaíocht do tograí nua a bhaineann le ceadúnú agus leis an gCiste Craolacháin chun cur leis an méid clár i nGaeilge a bhfuil fáil air faoi láthair.

[1] Leagann an **Plean Gníomhaíochta 2018-2022** síos naoi réimse ina bhfuil gníomh ag teastáil, baineann ceann amháin dóibh siúd leis na Meáin agus an Teicneolaíocht. https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht_report_screen.pdf

Ceadúnú:

- De réir na Straitéise um Sheirbhísí Craolacháin, nuair a thabharfar faoi deara go bhfuil feabhas tagtha ar an teacht isteach san earnáil chraolacháin, tugann an BAI gealltanas go ndéanfaidh sé a mhachnamh i leith seirbhís chraolacháin fuaime FM nua amháin, ar a laghad, a cheadúnú agus go nglacfaidh sé le hiarratais ó ghrúpaí nua nó ó ghrúpaí atá ann cheana féin, grúpaí Gaeilge ina measc d'fhonn na seirbhíse sin.
- Tabharfaidh an BAI tacaíocht d'iarratais i leith cheadúnais shealadacha do chláir trí Ghaeilge ó ghrúpaí ar mian leo seirbhísí craolacháin trí Ghaeilge a bhunú. Agus measúnú á dhéanamh ar na seirbhísí sealadacha sin, cuirfear comhlíonadh maidir le cláir Ghaeilge san áireamh.
- Cuirfidh an BAI cúnamh teicniúil ar fáil do pháirtithe leasmhara atá ar thóir comhairle tharchurtha i leith seirbhísí craolacháin fuaime trí Ghaeilge.
- Glacfaidh an BAI le hiarratais ó pháirtithe ar mian leo seirbhísí teilifíse ar chábla, ar satilít agus ar ardáin trastíre teilifíse digiteach a bhunadh, ach go háirithe ó ghrúpaí teilifíse pobail agus ó ghrúpaí Gaeilge.
- I dtéarmaí soláthar seirbhísí raidió pobail ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus pobail, déanfaidh an BAI na féidireachtaí ó thaobh seirbhísí óige agus eile a mheas; cuirfear seirbhísí raidió nideoige agus Gaeilge san áireamh anseo. Cuirfear san áireamh freisin conas tuilleadh clár i nGaeilge a chur ar fáil.

Ciste Craolacháin:

- Leanfaidh an BAI leis an tiomantas de ar a laghad 25% de mhaoiniú Fuaime agus Físe a chur ar leataobh do chláir Ghaeilge, cláir dhátheangacha san áireamh.
- Déanfaidh an BAI iniúchadh ar chonas líon na gclár raidió Gaeilge atá le maoiniú faoin Scéim Fuaime agus Físe a mhéadú.
- Cíorfaidh an BAI na seánraí agus na cineálacha cláir Ghaeilge a bhfuiltear á maoiniú faoin Scéim Fuaime agus Físe chun treochtaí maoinithe a mheas agus a thuairisciú agus chun bonn eolais a chur faoi thograí forbartha.

2. Comhpháirtíochtaí Gaeilge a spreagadh

Tá tacaíocht tugtha ag an BAI do thograí Gaeilge san earnáil chraolacháin le blianta anuas. D'fhonn forbairt na Gaeilge a spreagadh lena pháirtithe leasmhara, leanfaidh an BAI le feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí forbartha san earnáil agus tapóidh sé aon deis chruthaitheach a eascraíonn as na cláir mhaoinithe a ritheann sé. Seo a leanas roinnt samplaí:

- Bheith tiomanta leanúint leis an tacaíocht d'ócáidí líonraithe agus do thograí traenála agus forbartha a thugann deis do chraoltóirí tuilleadh clár i nGaeilge a fhorbairt, e.g. obair i gcomhar le craoltóirí trí thionscnaimh oiliúna agus forbartha chun cuidiú leo tuilleadh clár i nGaeilge a chur ar fáil.
- Na deiseanna cruthaitheacha a eascraíonn as Fuaim agus Fís a fheabhsú d'fhonn cláir Ghaeilge atá ar ardchaighdeán a fhorbairt.
- Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do chraoltóirí teacht le chéile chun ábhar clár i nGaeilge a chomhchruthú, a chomhroinnt, a chomhchraoladh nó a shindeacáitiú.
- Deiseanna urraíochta do ghradaim na gclár Gaeilge a fhiosrú, chun aitheantas poiblí a thabhairt do chraoltóirí a chuireann ábhar Gaeilge san áireamh ina sceideal.
- Deiseanna comhpháirtíochta le heagraíochtaí/craoltóirí tábhachtacha Gaeilge a fhiosrú, d'fhonn comhthionscnaimh a thacóidh le forbairt na Gaeilge a chur chun cinn. Áireofar leis sin Coiste Comhairleach a bhunú, ina mbeidh ionadaithe ó BAI, Foras na Gaeilge agus páirtithe leasmhara Gaeilge eile.

3. Tacú le Taighde

Tá an BAI tiomanta tacú le agus tabhairt faoi thaighde ar an soláthar Gaeilge san earnáil fuaime agus san earnáil chlosamhairc.

- Taighde gníomhach ar an nGaeilge san earnáil chlosamhairc a chur chun cinn; agus, de réir mar is cuí, torthaí an taighde sin a fhoilsiú go rialta.
- Díospóireachtaí a eagrú ar ceisteanna reachtacha agus ar pholasaí i leith na Gaeilge; agus a bheith rannpháirteach sna díospóireachtaí sin.
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhlachtaí atá ag déanamh obair thaighde ar thírdhreach mheáin na Gaeilge (lena n-áirítear clársceidealú, lucht éisteachta, etc.) chun luach an taighde a láidriú agus naisc a chothú idir institiúidí taighde agus soláthraithe ábhair craolacháin.

4. Sonraí a bhailiú

Tuigeann an BAI an gá atá le sonraí atá suas chun dáta agus beacht maidir le caighdeán agus méid na gclár Gaeilge san earnáil fuaime agus chlosamhairc a chur ar fáil. Chun na críche seo, tá an BAI tar éis mapáil inmheánach a dhéanamh ar sholáthar Gaeilge i réimsí éagsúla na heagraíochta trí chéile.

Maidir le páirtithe leasmhara seachtracha, déanfaidh an BAI monatóireacht mhionsonraithe ar chraoltóirí chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar an soláthar clár Gaeilge san earnáil chraolacháin.

Déanfar athbhreithniú ar an Scéim Fuaime agus Físe sa chéad leath de 2019. Mar chuid den athbhreithniú seo, tabharfaidh an BAI faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Deiseanna a fhiosrú chun leibhéal na gclár Gaeilge agus dátheangacha ar sheirbhísí teilifíse agus raidió ar tugadh tacaíocht dóibh faoin Scéim a chíoradh, agus chun a fháil amach an bhféadfaí na leibhéil seo a fheabhsú faoi aon scéim nua.
- Sonraí maidir le cláir Ghaeilge agus dhátheangacha a bhailiú chun tuiscint níos doimhne a fháil ar an réimse clár raidió agus teilifíse atá á maoiniú faoin Scéim.
- Anailís a dhéanamh ar iarratais Ghaeilge chun a mheas an bhfuil réimsí comónta ann ó thaobh feabhais de, a bhféadfaí dul i ngleic leo trí thograí oiliúna agus forbartha d'fhonn caighdeán agus líon na n-iarratas sna seánraí agus ar na hardáin trí chéile, a mhéadú.

5. Próisis fhreagrachta a fheabhsú, monatóireacht agus tuairisciú um chomhlíonadh san áireamh

Maidir le cláir Ghaeilge agus leis na daoine arna léiriú, glacann an BAI leis gur féidir cur leis an ilchineálacht trí fhreagracht. Mar sin de, beidh an BAI freagrach as na nithe seo a leanas:

- Tabharfaidh Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge deis don BAI tuairisciú, foilsiú agus monatóireacht a dhéanamh go rialta ar thograí agus ar bheartais ar tugadh fúthu chun an Ghaeilge a chur chun cinn san earnáil chraolacháin.
- Leanfaidh an BAI le feidhmíocht na gcraoltóirí seirbhísí poiblí a mheas, bunaithe ar a ngealltanais straitéiseacha agus bhliantúla i leith ábhair clár i nGaeilge. Tabharfaidh an BAI moltaí maidir le maoiniú poiblí.
- Déanfar tograí, amhail na cinn a luaitear in uimhir 2 thuas, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a mheas i leith rathúlachta.

- Lorgóidh an BAI deiseanna comhpháirtíochta le páirtithe tábhachtacha agus ábhartha ar nós comhlachtaí poiblí eile, tabharthóirí eile, craoltóirí eile agus comhlachtaí ionadaíocha eile chun freagracht na hearnála a fheabhsú trí chéile.
- Déanfaidh an BAI measúnú ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtúlacht a Phlean Gaeilge a chur ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

Athbhreithniú ar an bPlean Seo

Tá an BAI tiomanta d'athbhreithniú, atá ag dul de réir an dea-chleachtais, a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge ar bhonn bliantúil agus rachaidh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun tionchar (nó a laghad tionchair) agus rathúlacht an phlean de réir na gcúig réimsí a mheas, agus chun leasú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí pleanáilte mar fhreagairt ar an athbhreithniú seo.

2-5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2, Éire
2-5 Warrington Place,
Dublin 2, Ireland

T: + 353 (0)1 644 1200
F: + 353 (0)1 644 1299
E: info@bai.ie
W: www.bai.ie